

Cuairt ar an suíomh ag grúpa ó Innealtóirí Éireann ar an 21 Meán Fómhair 2022

N22BBM

Bhí an-áthas ar chonraitheoir na scéime, Jons Civil Engineering-John Cradock JV, in éineacht leis na Dearthóirí Barry Transportation, baill ó Réigiún Chorcaí d'Innealtóirí Éireann a óstáil ar chuairt suímh ar an N22 Forbairt Bóthar Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha Dé Céadaoin 21 Meán Fómhair 2022. Ghlac breis is 20 ball de chuid Innealtóirí Éireann ó raon disciplíní páirt sa chuairt. Thug Ionadaí an Chonraitheora John Killen agus an Bainisteoir Cáilíochta Fergal Noonan forbhreathnú mionsonraithe ar na hoibreacha don lucht freastail sular thug siad ar thuras treoraithe ar an láthair iad.



S22 ag Cill na nGoirtíní

Dhírigh an turas ar an gcuid thoir den tionscadal atá beagnach críochnaithe. I measc bhuaicphointí an turais bhí S26 Droichead na Láinne agus S28 Droichead Abha an tSuláin, a bhfuil na bíomaí coincréite réamhtheilgthe is faide sa RA nó in Éirinn ag 49.9m an ceann (tá bíomaí 49.9m ag S26, tá bíomaí S28 thart ar 500mm níos giorra). Ba phointí cainte ar leith a bhí sa ghearradh domhain carraige i gCoill na nGoirtíní agus an droichead substaintiúil S22. Breathnaíodh freisin ar chuid de na dúshláin shuntasacha draenála a bhain leis an gcuid seo den tionscadal. Áiríodh ar bhuaicphointí eile suiteáil na mbacainn sábháilteachta agus na lintéir chothromaithe ag Taiscumar Charraig an Droichid. Ghlac Stiúrthóir an Tionscadail John Killen páirt i seisiún bríomhar ceisteanna agus freagraí leis an lucht freastail ar feadh na cuairte.



Plé ag S22 Cill na nGoirtíní

Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó choiste eagraithe Innealtóirí Éireann thar a bheith dearfach. Bhí ríméad ar na baill an deis a fháil cuairt a thabhairt ar an tionscadal casta seo a bhfuil tábhacht straitéiseach leis. Ba mhór ag an ngrúpa an fháilte a chur foireann an Chonraitheora rompu, toisc gur thug sé deis shóisialta agus líonraithe do na comhaltaí chomh maith le gnéithe teicniúla na cuairte.



Droichead Abha an tSuláin